Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9283/20**

**COSCE 7**
**COPS 239**
**CFSP/PESC 606**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Iúil 2020 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9177/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa 2020-2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2020-2022, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 13 Iúil 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2020-2022

### Luachanna agus comhar uile-Eorpach atá riailbhunaithe a chur chun cinn agus tacú le Comhairle na hEorpa athneartaithe

1. I gcomhthéacs na ndúshlán forleathan atá ann do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta, táthar ag dúil go mór go leanfaidh an Eoraip de bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis na luachanna uilíocha sin a chur chun cinn. Sin é an fáth a bhfuil sé beartaithe ag an Aontas a chomhar a neartú le Comhairle na hEorpa, eagraíocht a bhfuil ról ríthábhachtach agus taithí de bhreis agus 70 bliain aici sna réimsí sin. Tá téarmaí oifige cheannaireachtaí nua an Aontais agus Chomhairle na hEorpa faoi seach, chomh maith le hUachtaránachtaí Choiste na nAirí a bheidh ag Ballstáit de chuid an Aontais sa chéad tréimhse eile, ag teacht ag tráth ina bhfuil béim athnuaite á leagan ar an smacht reachta, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon. Thairis sin, tá siad ag teacht ag tráth ina bhfuil an pheirspictíocht dhomhanda i ndáil le cearta an duine, an smacht reachta agus an daonlathas ina cíor thuathail: le himeacht ama, bhí dul chun cinn iontach ann, ach bhí brú siar ann freisin i gcoinne uilíocht, dodhealaitheacht agus idirspleáchas chearta uile an duine agus cúlú ar an daonlathas. Agus sinn ag breathnú chun tosaigh, as seo go ceann cúig bliana, is ar shaincheisteanna atá tábhachtach dár saoránaigh amhail digiteáil agus intleacht shaorga a dhíreofar aird.

2. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Comhairle na hEorpa agus de thacaíocht a thabhairt di, mar chuid dá iarrachtaí iltaobhachas éifeachtach a chur chun cinn agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a urramú, go háirithe i gcomhthéacs thionchar COVID-19, lena n-áirítear a thionchar socheacnamaíoch, ar chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta, dá dteastaíonn freagairtí bunaithe ar chearta an duine toisc go dtagann torthaí níos fearr astu i ndáil leis an bpaindéim a shárú, an neamh-idirdhealú agus an comhionannas a áirithiú, agus dínit an duine a chaomhnú.

3. Tá meas ag an Aontas ar bhallraíocht leathan Chomhairle na hEorpa agus is ionann gairm don dá eagraíocht: aitheantas uilíoch éifeachtach chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a dhaingniú. Is ardán tábhachtach í freisin Comhairle na hEorpa don idirphlé agus don chomhar chun an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn. I bhfianaise sáruithe tromchúiseacha a rinne comhaltaí Chomhairle na hEorpa ar an dlí idirnáisiúnta le blianta beaga anuas, ní mór dúinn gné uile-Eorpach na heagraíochta a chaomhnú agus a leathnú, a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhaltaí Chomhairle na hEorpa a gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta, luachanna, prionsabail agus caighdeáin na heagraíochta a chosaint agus a áirithiú go bhfeidhmeoidh sí go héifeachtach. Tá an tAontas tiomanta do Chomhairle na hEorpa a bheidh in ann dul i ngleic le gach sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta a dhéanann a comhaltaí, go háirithe tríd an Nós Imeachta Comhpháirteach Comhlántach a bunaíodh le déanaí, agus, ag an am céanna, a luachanna á gcaomhnú agus é á áirithiú aici go gcomhlíonfaidh comhaltaí uile Chomhairle na hEorpa a n-oibleagáidí reachtúla.

4. Tá ról ag Comhairle na hEorpa maidir le caighdeáin a leagan síos i réimsí chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais. Is éacht stairiúil nach bhfacthas riamh roimhe seo é an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR). Tá sé daingnithe ag gach ceann de 47 mBallstát Chomhairle na hEorpa agus leagtar síos leis rialacha agus caighdeáin choiteanna i dtaobh chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta do 830 milliún duine ar fud na mór-roinne, agus déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) maoirseacht ar a chur chun feidhme. Ina theannta sin, ní teoranta don mhór-roinn seo atá tionchar Chomhairle na hEorpa, ós iomaí coinbhinsiún atá aici atá oscailte do shíniú domhanda agus raon domhanda ag roinnt dá sásraí. Beidh tionchar agus baint, níos mó ná riamh, ag comharsana an Aontais le todhchaí an Aontais. Is i ngeall air sin a fhanfaidh an tAontas, i gcomhar le Comhairle na hEorpa, i mbun gníomhaíochta leis na tíortha is iarrthóirí agus leis na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus ar fud a réigiún comharsanachta.

5. Is bunaithe ar róil éagsúla ach chomhlántacha an dá eagraíocht atá an comhar struchtúrtha idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa[1], agus le himeacht na mblianta, is de chineál níos straitéisí an comhar sin agus ag éirí go geal leis. Leanfar de na hidirphléití ardleibhéil a bhíonn ann go rialta idir institiúidí an Aontais agus institiúidí Chomhairle na hEorpa. Is iad an tAontas agus a Bhallstáit an ranníocóir airgeadais is mó do Chomhairle na hEorpa. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'obair Chomhairle na hEorpa trí ranníocaíochtaí a dhéanamh lena buiséad urghnách agus trí thacú le comhar i réimse an dlí, trí idirphlé polaitiúil a chothú agus cláir chomhpháirteacha a chistiú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh amháin, na tíortha is iarrthóirí agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir agus tíortha comhpháirtíochta ábhartha an Deiscirt faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), agus sa Rúis agus san Áise Láir chomh maith. Tá ról tábhachtach ag Oifigí agus Oifigí Cláir Chomhairle na hEorpa ó thaobh chomhar an Aontais/Chomhaire na hEorpa sna tíortha agus sna réigiúin sin. Féachfaidh an tAontas agus an Banc Eorpach Infheistíochta freisin ar bhealaí leis an gcomhar foirmiúil le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (BCE) a fheabhsú. Comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach.

6. Is den ríthábhacht iad an éifeachtacht, an ábharthacht, an trédhearcacht agus an infheictheacht do Chomhairle na hEorpa. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tacaíocht a thabhairt do Chomhairle na hEorpa athchóirithe athneartaithe de réir mar a rachaidh sí in oiriúint do dhúshláin nua agus de réir mar a athstruchtúrófar í, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú agus béim leanúnach a leagan ar éifeachtúlacht. Cuirfidh an tAontas infheictheacht fheabhsaithe agus cumarsáid níos fearr maidir le haidhmeanna agus gníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa chun cinn.

7. Faoi chuimsiú na dtrí cholún, a bhfuil struchtúr ghníomhaíocht Chomhairle na hEorpa bunaithe thart orthu, díreoidh an tAontas ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha seo a leanas in 2020-2022:

---

[1] Bunaithe ar Mheabhrán Tuisceana (2007) agus ar Ráiteas Intinne comhair (2014).

## I. CEARTA AN DUINE

8. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Chomhairle na hEorpa, dá Cúirt Eorpach um Chearta an Duine agus do chóras na gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa mar an príomhchreat chun cearta an duine a chaomhnú san Eoraip, rud a chuireann le comhleanúnachas méadaithe idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. **Gníomhóidh an tAontas i gcomhpháirtíocht le Comhairle na hEorpa lena thosaíochtaí maidir le cearta an duine a chur chun feidhme ina ghníomhaíochtaí seachtracha, faoi threoir Phlean Gníomhaíochta athnuaite an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024)** tar éis a ghlactha.

9. **Tá gealltanas tugtha ag an Aontas an athuair aontú don ECHR**. Ní hamháin gur oibleagáid chonarthach ar an Aontas é sin; baineann sé le hurraim dár mbunluachanna agus le creat dlíthiúil comhleanúnach a chruthú maidir le cosaint chearta an duine ar fud na hEorpa. Tá ról bunúsach ag ECHR, arna léirmhíniú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, i ndlí an Aontais, mar a dhaingnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus le dlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais. Leis an aontachas, cuirfear ar chumas daoine aonair achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcoinne caingne a dhéanann institiúidí an Aontais agus cuirfear feabhas ar chomhleanúnachas chosaint chearta an duine na nEorpach, i bhfianaise iarratas i gcoinne Bhallstáit an Aontais freisin agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Le comhaontú aontachais athbhreithnithe, ní mór dlí an Aontais mar a léirmhíníonn an Chúirt Bhreithiúnais é a chomhlíonadh ina iomláine. Le comóradh 70 bliain ECHR, atá le ceiliúradh ag Comhdháil Aireachta na hAithne an 4 Samhain 2020, cuirtear deis ar fáil chun dlús a chur leis na hiarrachtaí chun aontachas an Aontais le ECHR a bhaint amach.

10. Tabharfaidh **an tAontas aghaidh ar iarmhairtí na dteicneolaíochtaí digiteacha nua atá ag teacht chun cinn maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint**. Ní mór don Eoraip na deiseanna a bhaineann leis an ré dhigiteach a thapú agus ag an am céanna, cur chuige eiticiúil a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, a áirithiú gur féidir úsáid iomchuí a bhaint as teicneolaíochtaí nua ar mhaithe le forfheidhmiú an dlí i gcomhréir le hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna amhail saoirse tuairimí a nochtadh, tuairimí agus faisnéis ar líne, beartais rialála agus modhnóireachta ábhair idirghabhálaithe ar líne, an radacú ar líne, an sceimhlitheoireacht agus an fhuathchaint ar líne, saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, príobháideachas agus cosaint sonraí, teicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus an ollfhaireachais chomh maith le bailiú agus úsáid sonraí bithmhéadrachta, mar shampla trí aghaidh-aithint a úsáid in áiteanna poiblí. San obair leantach ar Pháipéar Bán an Choimisiúin Eorpaigh ar an intleacht shaorga agus i gcomhthéacs na hoibre ar an nGníomh um Sheirbhís Dhigiteach, oibreoidh an tAontas i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa chun na rioscaí agus na deiseanna a eascraíonn as teicneolaíochtaí na hintleachta saorga agus as teicneolaíochtaí digiteacha a shainaithint, lena n-áirítear a dtionchar ar chearta an duine, ar an smacht reachta agus ar an daonlathas, agus déanfaidh sé measúnú ar an ngá atá le bearta breise lena áirithiú go mbeidh a bhforbairt, a ndearadh agus a gcur i bhfeidhm i gcomhréir le cearta an duine. Leanfaidh an tAontas agus Comhairle na hEorpa dá gcomhar i réimse an oideachais don tsaoránacht dhigiteach.

11. **Comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa chun caighdeáin láidre maidir le cosaint sonraí a chur chun cinn ar fud an domhain**. Déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn an Choinbhinsiúin nuachóirithe chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch ("Coinbhinsiún 108"). Go háirithe, comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa chun prionsabail agus caighdeáin dhomhanda a chur chun cinn maidir le coimircí do rochtain ar shonraí pearsanta a bheith ag údaráis phoiblí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus slándála.

12. Comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa maidir le comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn agus maidir lena gcumhachtú agus lena rannpháirtíocht laistigh den Aontas agus ina chaidreamh seachtrach araon. Comhoibreoidh an tAontas freisin le Comhairle na hEorpa, atá ar cheann de na príomhghníomhaithe maidir le caighdeáin a leagan síos sna réimsí sin, lena n-áirítear maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac; tá "Coinbhinsiún Iostanbúl" Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac daingnithe agus tá sé á chur chun feidhme ag 21 Bhallstát de chuid an Aontais.

13. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun na saoirsí seo a leanas a chur chun cinn: **an tsaoirse tuairimí a nochtadh, an tsaoirse faisnéise agus tuairimíochta ar líne agus as líne, mar aon leis an rochtain ar fhaisnéis iontaofa agus ar mheáin shaora agus neamhspleácha, chun an bhréagaisnéis a chomhrac agus chun saoirse na meán agus sábháilteacht iriseoirí a chosaint**. I ndáil leis an méid sin, le hardán Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint iriseoireachta agus sábháilteachta iriseoirí a chur chun cinn cuirtear ionad tábhachtach ar fáil chun plé a chur chun cinn maidir leis na dúshláin atá ann faoi láthair sa réimse seo agus chun cásanna sonracha de reachtaíocht shriantach agus ionsaithe i gcoinne iriseoirí a chur in iúl.

14. Tá ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta ó thaobh croíluachanna Chomhairle na hEorpa a chur chun cinn. Comhoibreoidh an tAontas le Comhairle na hEorpa chun cosaint agus cur chun cinn spás na sochaí sibhialta san Eoraip a neartú agus a chaomhnú, go háirithe d'fhonn **timpeallacht chumasúcháin a chruthú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine**, agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i ndáil leis an spás daonlathach atá ag laghdú don tsochaí shibhialta mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas[2]. Leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar an bplé i ndáil le hArdán Chomhairle na hEorpa a bhunú chun cosantóirí chearta an duine a chosaint.

15. Maidir le cúrsaí **comhshaoil**, tá Comhairle na hEorpa ag cuidiú le creat dlíthiúil dea-oiriúnaithe a mhúnlú san Eoraip. Agus a Chomhaontú Glas don Eoraip á chur chun feidhme aige, leanfaidh an Coimisiún Eorpach an t-idirphlé laistigh de Chomhairle na hEorpa maidir leis an nasc idir cearta an duine agus an comhshaol, lena n-áirítear gníomhaíocht chun coireanna comhshaoil a chomhrac. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí tráthúla Chomhairle na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar ar bhealach iomchuí.

---

[2] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12836-2019-INIT/en/pdf, a glacadh an 14 Deireadh Fómhair 2019.

16. I gcomhthéacs na fostaíochta agus gnóthaí sóisialta, is tagairtí tábhachtacha iad **Cairt Shóisialta na hEorpa** agus Cairt Sóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe) Chomhairle na hEorpa chun **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta** an Aontais a chur chun feidhme. Ullmhóidh an Coimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus leanfaidh sé den phlean sin a rolladh amach sna Balcáin Thiar i comhthéacs na gClár Athchóirithe Eacnamaíoch. Ós rud é go gcuireann Cairt Shóisialta na hEorpa béim shonrach ar chosaint seandaoine, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus oibrithe imirceacha *inter alia*, oibreoidh an tAontas Eorpach go comhpháirteach le Comhairle na hEorpa chun cearta bunúsacha sóisialta agus eacnamaíocha a ráthú i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta sin go háirithe i bhfianaise géarchéimeanna domhanda amhail paindéim COVID-19.

17. Tá cosaint agus caomhnú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha ag croílár **bheartais tearmainn agus imirce an Aontais**. Tá an tAontas tiomanta d'acmhainneacht na ngeallsealbhóirí ábhartha a neartú chun an cur chuige sin a chur chun feidhme. Tá sé mar aidhm ag an Aontas córas imirce agus tearmainn atá níos daonnúla, níos athléimní agus níos éifeachtaí a chur ar fáil agus tá sé tiomanta do shainordú Chomhairle na hEorpa faisnéis a bhailiú agus comhairle agus cúnamh a thabhairt do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa ar bhonn na gcaighdeán ábhartha atá aici maidir le cearta an duine a chosaint i gcás imirceach, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe san Eoraip, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha amhail mionaoisigh neamhthionlactha, mná i mbaol, leanaí, daoine faoi mhíchumas nó iad siúd a fhulaingíonn idirdhealú nó foréigean. Mar thoradh ar obair Chomhairle na hEorpa, tá dul chun cinn déanta i réimse na himirce, go háirithe chun gáinneáil ar dhaoine a laghdú.

18. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí na Nollag 2019 maidir le **bearta malartacha ar choinneáil**, úsáid smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála i réimse an cheartais choiriúil, oibreoidh an tAontas go dlúth le Comhairle na hEorpa chun sineirgí a aimsiú ina gcur chuige féin faoi seach.

19. Comhoibreoidh an tAontas go dlúth le Comhairle na hEorpa maidir le cosaint agus cur chun cinn chearta an duine a neartú i réimsí ar gá aird níos fearr a thabhairt orthu, amhail frith-idirdhealú (go háirithe trí fheasacht a chur chun cinn i ndáil le gníomhaíochtaí Choimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe Chomhairle na hEorpa (ECRI) agus trína mholtaí a chur chun feidhme) lena n-áirítear idirdhealú a chomhrac i ndáil le LADTI+ agus gnéaschlaonadh [agus féiniúlacht inscne] chomh maith le saoirse reiligiúin nó creidimh, agus leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach (ionas go **n-aontóidh an tAontas do "Coinbhinsiún Lanzarote"**). Ní mór aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha chun dul i ngleic le scaipeadh na Fuathchainte agus na Fuathchoireachta san Eoraip. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'obair Chomhairle na hEorpa chun an urraim do chearta daoine ar de grúpaí mionlaigh iad a neartú (go háirithe a lánpháirtiú socheacnamaíoch, lena n-áirítear na pobail Romacha) agus lena n-áirítear mionlaigh náisiúnta i gcomhréir le noirm agus caighdeáin de chuid Chomhairle na hEorpa agus moltaí Choimisiún na Veinéise is infheidhme. Mar chuid den chomhdhearcadh idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa maidir le pionós an bháis a dhíothú, coinnítear an tiomantas comhpháirteach maidir le pionós an bháis in áiteanna eile a dhíothú. Leanfaidh an tAontas den chomhar le Comhairle na hEorpa a neartú sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus i gcosaint dhínit an duine". Chun gníomhú i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, go háirithe mná agus cailíní, teastaíonn iarrachtaí comhpháirteacha ó réimse leathan gníomhaithe ábhartha agus cur chuige comhordaithe comhleanúnach i ngach réimse beartais ábhartha, amhail slándáil, imirce, an ceartas, an comhionannas, an fhostaíocht agus an fhorbairt i gcaidreamh inmheánach agus seachtrach an Aontais.

20. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don chomhar idir a Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus Comhairle na hEorpa, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.

## II. <u>AN DAONLATHAS</u>

21. Déanann an tAontas a dhícheall chun **ár ndaonlathas a chothú, a chosaint agus a neartú**.

22. Cuirtear i bhfios go láidir sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas go bhfuil dúshlán an daonlathais á thabhairt sa lá atá inniu ann agus amhras á chaitheamh air. Cé go bhfuil an daonlathas láidir go fóill i dtíortha go leor, tá an claonadh i dtreo an údarásaíochais ag dul i méid i dtíortha eile. Is dúshláin iomadúla iad na **dúshláin atá roimh an daonlathas** agus ní mór iad a chomhrac go cuimsitheach, lena n-áirítear trí thacú le sochaí shibhialta atá saor agus neamhspleách, le cosantóirí chearta an duine agus leis na meáin neamhspleácha agus trína gcur chun cinn, le trédhearcacht níos fearr i bpróisis dhaonlathacha, sa litearthacht dhigiteach, sa chuimsitheacht agus san oideachas sibhialta mar rannchuidiú riachtanach, ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach, le teacht aniar na ndaonlathas, agus chun cur i gcoinne cur isteach ionramhálach, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise.

23. Is díol sásaimh don Aontas an obair thábhachtach atá á déanamh ag Comhairle na hEorpa trína Creat Tagartha Inniúlachtaí don Chultúr Daonlathach, lena gcuidítear le córais **oideachais**, i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, chun na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do dhaoine óga chun cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn, ar creat é lena gcomhlánaítear obair an Aontais chun tacú leis an daonlathas. Leanfaidh an tAontas d'oibriú in éineacht le Comhairle na hEorpa chun uirlisí agus tionscnaimh eile a chur chun cinn lena gcothófar oideachas don tsaoránacht dhaonlathach agus don oideachas ar chearta an duine, *inter alia* i gcomhthéacs chomhaontú páirteach Chomhairle na hEorpa arb é is aidhm dó an Fhaireachlann maidir le teagasc na staire san Eoraip a bhunú. Tá ról na dteangacha, na feasachta teanga agus inniúlachtaí ilteangacha fíorthábhachtach chun cultúir a thuiscint níos fearr, tuiscint a chuideodh le saoránacht dhaonlathach a fhorbairt i ngach cearn d'Eoraip atá éagsúil ó thaobh teanga agus cultúir de. Leis an Moladh ón gComhairle (2019) maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha, cuirtear creat ar fáil chun comhar le Comhairle na hEorpa a neartú, agus lena Lárionad Eorpach um Nuatheangacha, i réimse an oideachais teanga ar ardchaighdeán.

24. Baineann an tAontas an-tairbhe as **saineolas Choimisiún na Veinéise ar dhaonlathas tríd an dlí**, go háirithe ina ghníomhaíocht sheachtrach, áit a mbíonn an tAontas ag brath ar shaineolas Choimisiún na Veinéise chun cabhrú leis feabhas a chur ar chaighdeáin bhunreachtúla agus ar an dlí toghcháin. Cuidíonn Coimisiún na Veinéise freisin le próisis bhreithiúnacha, rialachais agus próisis athchóirithe eile, go háirithe sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus i dtíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE). Tá comhar neartaithe á lorg ag an Aontas le Coimisiún na Veinéise agus lena Rúnaíocht, chun mar shampla athchóirithe toghcháin a chothú bunaithe ar mholtaí Mhisean Breathnóireachta Toghchán an Aontais i réigiúin amhail Meiriceá Laidineach agus an Afraic Thuaidh.

25. **Cuirfidh an tAontas chun cinn malartuithe rialta le Rúnaíocht Choimisiún na Veinéise** maidir le caighdeáin an dlí toghcháin agus féachfaidh siad le chéile ar na bealaí inar féidir le tuairimí dlíthiúla Choimisiún na Veinéise agus moltaí Mhisean Breathnóireachta Toghchán an Aontais a chéile a atreisiú.

26. Cruthaíonn na meáin shóisialta agus teicneolaíochtaí toghcháin **deiseanna nua chomh maith le dúshláin** do phróisis toghcháin agus don daonlathas. Cuirfidh an tAontas urraim do chaighdeáin agus do mholtaí Chomhairle na hEorpa chun cinn i ndáil leis na próisis toghcháin agus leis an daonlathas. Spreagfaidh an tAontas plé rialta le Comhairle na hEorpa chun an comhar a neartú maidir le caighdeáin a fhorbairt agus a chur chun cinn lena dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear cosaint sláine na bpróiseas toghcháin.

27. Neartóidh an tAontas an t-idirphlé agus an comhar le Comhairle na hEorpa maidir le roghanna chun ról agus **rannpháirtíocht fhóinteach eagraíochtaí na sochaí sibhialta** agus institiúidí náisiúnta um chearta an duine san Eagraíocht a neartú, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinneadh ag an 129ú seisiún de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa (Heilsincí, 14-15 Bealtaine 2019).

28. Neartóidh an tAontas an t-idirphlé agus an comhar le Comhairle na hEorpa maidir le **cur le rannpháirtíocht agus ionadaíocht na mban agus na ndaoine óga** agus a leasanna, sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil.

29. Bainfear úsáid as an Rún a d'eisigh Comhairle an Aontais Eorpaigh in 2019 maidir le **gné chultúrtha** na forbartha inbhuanaithe[3] mar phríomhchreat chun an comhoibriú a bhaineann leis an gcultúr agus leis an oidhreacht chultúrtha a dhoimhniú. Samplaí iad Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Coinbhinsiún Faro), Laethanta Eorpacha na hOidhreachta agus an Comhaontú Páirteach Méadaithe ó Chomhairle na hEorpa maidir le Bealaí Cultúrtha, de na modhanna a bhféadfadh an tAontas agus Comhairle na hEorpa comhoibriú le chéile. Leanfaidh an tAontas de Choinbhinsiún 221 Chomhairle na hEorpa maidir le Cionta a bhaineann le Maoin Chultúrtha (Coinbhinsiún na Niocóise) a chur chun cinn mar aon le haontachas Bhallstáit Chomhairle na hEorpa dó.

## III. AN SMACHT REACHTA

30. **Tá curtha go mór ag an Aontas lena thiomantas maidir leis an smacht reachta a chaomhnú.** Réamhriachtanas é an smacht reachta don daonlathas agus don urraim ar chearta an duine agus chun leas iomlán a bhaint as na cearta sin. I gcomhthéacs an Aontais, tá an smacht reachta ríthábhachtach chun rathúnas a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa, trí dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair. Tugann bagairtí ar an smacht reachta dúshlán chearta an duine agus is dúshlán iad freisin do bhonn dlíthiúil, polaitiúil agus eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh. Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Strengthening the rule of law within the Union – a blueprint for action* [An smacht reachta a neartú laistigh den Aontas – treoirphlean le haghaidh gníomhaíochta],[4] leag an Coimisiún amach cur chuige ina raibh trí cholún: cultúr smachta reachta a chur chun cinn, fadhbanna smachta reachta a chosc ó theacht chun cinn, agus freagairt éifeachtach a áirithiú nuair a thagann siad chun cinn. Chun na gnéithe coisctheacha a neartú, d'fhógair an Coimisiún go mbunófaí Sásra cuimsitheach Eorpach um an Smacht Reachta le raon feidhme uile-AE agus le tuairisciú oibiachtúil bliantúil ón gCoimisiún Eorpach. Beidh an cur chuige faireacháin mar an gcéanna i ngach Ballstát de chuid an Aontais. Leis an bhfaireachán a dhéanfar faoin Sásra Eorpach an Smachta Reachta, cuirfear na hionstraimí atá ann cheana agus an saineolas atá ag Comhairle na hEorpa sa réimse sin san áireamh.

---

[3] ST 13336/19.
[4] COM(2019) 343 final.

31. **Sa chomhthéacs sin, tá comhar neartaithe á lorg ag an gCoimisiún le Comhairle na hEorpa, lena n-áirítear le Coimisiún na Veinéise, leis an nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE) agus le Coimisiún Eorpach Chomhairle na hEorpa um Meastóireacht ar Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ)**. Tá duine teagmhála ceaptha ag Comhairle na hEorpa, ar iarraidh ón gCoimisiún, do líonra na bpointí teagmhála maidir leis an smacht reachta agus oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le Comhairle na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh éifeacht atreisithe fhrithpháirteach ag an obair ar an smacht reachta agus go seachnófar dúbailt nach gá. Le haghaidh ullmhú na tuarascála bliantúla, rachaidh an Coimisiún Eorpach i mbun idirphlé freisin le geallsealbhóirí ábhartha, amhail Comhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha agus Comhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha. Féadfaidh seicliosta smachta reachta Choimisiún na Veinéise a bheith ina chabhair chun rioscaí agus laigí sonracha a aithint.

32. A bhuí do rannpháirtíocht an Aontais in **GSE** mar bhreathnóir, éascaítear obair chomhpháirteach i gcomhar le Comhairle na hEorpa maidir le forbairt acmhainní agus cur chun feidhme na gcaighdeán arna gceapadh chun an smacht reachta agus an comhrac i gcoinne na héillitheachta a neartú, amhail cosaint sceithirí. Leanfaidh an tAontas den dlúthchomhar le GSE maidir le forbairt acmhainní agus maidir le caighdeáin a chur chun feidhme chun an comhrac i gcoinne na héillitheachta a neartú.

33. Tá an obair atá déanta ag Comhairle na hEorpa tar éis cabhrú chun feabhas a chur ar fhreagairt an **cheartais choiriúil** san Aontas chun cosc a chur ar an radacú a mbíonn an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air agus chun ciontóirí sceimhlitheoireachta a athimeascadh agus a athshlánú.

34. I réimse an **chomhraic i gcoinne na cibearchoireachta**, leanfaidh an tAontas den chomhar faoi chuimsiú Choinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht agus na bprótacal breise a ghabhann leis. Áiritheoidh sé freisin comhsheasmhacht idir an dara prótacal breise atá faoi chaibidil agus obair an Aontais maidir le feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach, agus cuirfidh sé Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun cinn chomh maith mar chreat don chomhar idirnáisiúnta agus d'fhothú acmhainní.

35. Tiomantas an Aontais maidir leis an smacht reachta a chothú, baineann sé freisin leis na **tíortha is iarrthóirí agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le comharsanacht an Aontais**, áit a leanfaidh an tAontas dá chomhar le Comhairle na hEorpa chun tacú le tíortha athchóirithe riachtanacha a dhéanamh agus oiliúint riachtanach a chur ar bun maidir leis an gceartas, leis an gcomhrac in aghaidh na héillitheachta, le cur chun cinn chearta an duine agus le ról na meán saor agus neamhspleách agus na sochaí sibhialta saor agus neamhspleách, agus - i ndáil le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha - chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí sin, i gcomhréir, nuair is iomchuí/ábhartha, leis an modheolaíocht neartaithe don phróiseas aontachais.